An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Rannóg na nDeontas Tithíochta
Oifigí an Rialtais
Béal an Átha
Co. Mhaigh Eo

Teileafón: (096) 24333
Email: thatch@housing.gov.ie

Meamram Míniúcháin H.A. 2 T

Deontas i leith Díon Tuí ar Theach a Réiteach nó a Dheisiú

LÉIGH AN MEAMRAM SEO GO CÚRAMACH SULA gCOMHLÍONTAR AN FHOIRM IARRATAIS SEO

Jan 2021

Oifigí an Rialtais, Sráid an tSrutháin, Béal an Átha, Maigh Eo, F26 E8N6
Government Offices, Brook Street, Ballina, Mayo, F26 E8N6
T +353 96 24333 | thatch@housing.gov.ie
www.gov.ie/housing

Cuid A - Incháilitheacht

1. Coinníollacha Incháilitheachta

D'fhéadfadh deontas suas le €3,810 nó dhá thrian den chostas faofa (cibé acu is lú) a bheith iníoctha i dtreo oibreacha riachtanacha chun díonta tuí ar thithe a athnuachan nó a dheisiú. D'fhéadfadh deontas níos airde (suas le €5,714) a bheith iníoctha do thithe ar Oileáin shonraithe. I gcás úinéirí maoine cáilitheacha tuí, ar sealbhóirí Cárta Leighis iad freisin, is é an t-uasdeontas atá ar fáil ná €6,350, nó suas le 80% den chostas faofa (€8,252 do na hOileáin). Tá sin faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:-

(i) An teach:

(a) a bheith ar a laghad 10 mbliana d'aois,

(b) an struchtúr a bheith slán, agus,

(c) go mbeidh sé, ar an obair a thabhairt chun críche, ina ghnátháit chónaithe. [Níl tithe nach bhfuil cónaí iontu ach ar bhonn páirtaimseartha (m.sh. tithe saoire) incháilithe.]

(ii) Nach gcuirtear tús leis an obair go mbeidh cigireacht déanta ag cigire ón An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an teach.

(iii) Go dtugtar faoin obair de réir dea-chleachtas tuíodóireachta, go dtugtar chun críche go sásúil í agus go dtugtar faoi aon obair eile a mheasfadh an Roinn a bheith riachtanach.

(iv) Go bhfuil costas na hoibre ceadaithe os cionn €952.

(v) Go gcuirfidh iarratasóir a uimhir/huimhir cáin ioncaim ar fáil agus go ndeimhneoidh sé/sí go bhfuil a ngnóthaí cánach in ord.

2. Ní féidir deontas a cheadú sa chás is gur híocadh deontas maidir le hobair réitithe nó deisithe ar dhíon faoin scéim seo nó faoi scéim de chuid Roinn na Gaeltachta mura bhfuil sé 7 mbliana ó híocadh an deontas deiridh.

3. Ní cheadófar deontas chun díon tuí a chur ar theach nach raibh tuí air roimhe seo.

Cuid B - Ginearálta

D'fhonn aon mhoill a sheachaint, cinntigh le do thoil go bhfreagraítear go hiomlán gach ceist ar an bhfoirm iarratais. D'fhéadfaí foirmeacha iarratais nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán a chur ar ais chuig iarratasóirí.

4. **Cén uair le hiarratas a dhéanamh**

Ní mór iarratas a dhéanamh in am lena chinntiú gur féidir tabhairt faoi chigireacht sula dtabharfar faoi aon obair. Níor chóir d'iarratasóirí tosú láithreach i ndiaidh na cigireachta. Fan go bhfaighidh tú scéala ar chinneadh maidir lena bhfuil tú incháilithe agus ar méid an deontais ina bhfuil tú ina theideal. **Sa chás is go dtosófaí ar an obair sula dtugtar faoi chigireacht, ní cheadófar deontas.**

5. **Cá háit le hIarratas a Dhéanamh**

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar aghaidh chuig Rannóg na nDeontas Tithíochta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Tithe an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.

6. **Deontais a Íoc**

Eiseofar Deimhniú Ceadaithe i ndiaidh na chéad chigireachta má cháilíonn an obair don deontas. Nuair a bheidh an obair tugtha chun críche, ní mór an Deimhniú Ceadaithe a sheoladh ar ais chuig an Roinn agus é sínithe ag an iarratasóir agus ag an tuíodóir a rinne an obair.

Ar an Deimhniú Ceadaithe sínithe a fháil, tabharfar faoi chigireacht agus ina dhiaidh sin íocfar an deontas ar choinníoll go bhfuil an obair ar fad a ceadaíodh agus aon obair deisithe eile déanta go sásúil.

Ní hionann íocaíocht ar dheontas is baránta ón Aire maidir leis an obair a rinneadh ná sláine struchtúrtha an tí.

NÓTA SPEISIALTA

1. Lucht ceirde a bhfuil taithí acu agus na scileanna chun ábhar tuíodóireachta a úsáid is ceart an obair a dhéanamh.

2. Tuí nó giolcach oiriúnach is ceart a úsáid.

3. Ní mór aon tuí atá lofa nó go dona a bhaint anuas agus gach poll domhain a dheisiú agus a chothromú.

4. Sa chás is go bhfuil an díon á réiteach ar fad, ba chóir an tuí nua a bheith 350mm ar tiubhas ar a laghad agus é a bheith leagtha ar bhonn slán agus láidir.

5. Ní mór mullaí, sceimhleacha, ciumhaiseanna a réiteach go cuí chun cosc a chur ar bhraon anuas.

6. Sa chás is go bhfuil tuí ag síneadh leis an simléir ba chóir ábhar fleasctha oiriúnach a chur ar fáil.

7. Ba chóir cosaint chuí a bheith ag an díon ó ionsaithe ó éin nó ó mhíolra.

Geallann Rannóg na nDeontas Tithíochta seirbhís ard-chaighdeáin a thabhairt dár gcustaiméirí ar fad. Féachaimid le caighdeán na seirbhíse a fheabhsú agus líon na n-earráidí a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Má bhíonn iarratasóir míshásta leis an leibhéal seirbhíse a fuarthas, is mian linn cloisteáil faoin bhfadhb anseo i nDeontais Tithíochta ionas gur féidir linn leanúint ag cur feabhas ar an tseirbhís. Ní mór gearáin a chur chuig an Oifigeach Seirbhís do Chustaiméirí i Rannóg na nDeontas Tithíochta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Oifigí an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.